Gaelscoil Thaobh na Coille

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Samhain
25/11/2024

## Taispeántas Seachtain na hEolaíochta Science Week Exhibition







*Chuir daltaí R4 - R6 taispeántas eolaíochta ar siúl do dhaltaí uile na scoile ar an Déardaoin 21 Mí na Samhna. 52 turgnaimh ar an iomlán a bhí ann. Chaith na daltaí breis is seachtain ag ullmhú don lá ó thús Seachtain na hEolaíochta agus ba léir ón gcaighdeán turgnaimh a bhí le feiceáil sa halla ar an lá go raibh an-obair déanta sna seomra ranga mar ullmhúnchán ar an lá mór.*
*Ina measc bhí:*
*Turgnamh a rinne Isobel Nic Óda agus Niamh Nic Uidhir (R6B) ciorcad leictreach as clog agus úlla. Tá leictrilítí sna húlla agus nuair a cheanglaíonn tú iad chun ciorcaid a dhéanamh, úsáidtear an leictreachas seo chun an clog a chur ar siúl.*

*Léirigh James Ó Géargáin, Jack Mag Fhloinn, Red Goodhue agus Alex Holden (R6A) na Beebots, Fionnán Ó Dubhthaigh agus Liam Townsend (R6B) na Makey Makeys agus Zoe Ní Lionáin, Sadhbh Nic Íomhair agus Regan Ní Bhriain (R6B) na Skri-bots.*

*Is iomaí turgnaimh a bhí ann ó imoibrithe ceimiceach go lampa laibhe, ó roicéad balún go Oobleck, ó thriail a léirigh dlús go luascadán.*

Pupils from Rang a 4 - Rang a 6 participated in Science Day on Thursday 21st. 52 different exhibits were on show in the school hall during the day and the whole school got an opportunity to view them. The pupils began planning and preparing for Science Day a week earlier at the beginning of Science Week. It was evident from the standard of experiments on display that the work carried out in the classroom had borne fruit.
Examples of the projects on display were:
Isobel Nic Óda and Niamh Nic Uidhir's (R6B) demonstration of an electric circuit created simply with a clock and apples. The apples contain electrolytes which conduct electricity, and in turn, generate enough electricity to operate the clock.

James Ó Géargáin, Jack Mag Fhloinn, Red Goodhue & Alex Holden (R6A) demonstrated the Beebots, Fionnán and Liam Townsend (R6B) the Makey Makeys and Zoe Ní Lionáin, Sadhbh Nic Íomhair & Regan Ní Bhriain (R6B) the Skri-bots.

There was a wide range of experiments on display from chemical reactions to lava lamps, from a balloon rocket to Oobleck and from a trial demonstrating density to that of a pendulum.

## Seachtain na hEolaíochta Science Week ar lean



*Léirigh Hugh Mac Giolla Bhríde conas a oibríonn ciorcad tré cheistneoir 'Fíor' nó 'Bréagach' a dhearadh. D'úsáid sé cadhnra, sreanga leictreach, a ghníomhaigh mar sheoltóir chun sruth leictreach a shreabhadh agus bolgáin solais a lasadh. Nuair a d'fhreagair páiste freagra i gceart, bhí a ciorcad iomlán agus las na soilse. Dúirt Hugh gur bhain sé an-taitneamh as an turgnamh a dhéanamh agus a thaispeáint do na daltaí eile.*

*Rinne Rosa Nic Giolla Mhuire agus Lucy Laighéis (R4B) turgnamh a léirigh dúch do-fheicthe. Thug siad deis do pháistí teachtaireachtaí rúnda a scríobh ar pháipéar bán ag baint úsáide as sú líomóin. Ní raibh tú ábalta an teachtaireacht a léamh go dtí go ndearna siad an páipéar a théamh. Tagann athrú ar dhath aigéad citreach nuair a thagann an carbón, a scaoiltear amach mar thoradh ar an teas, i dteagmháil le haer. Dá bharr sin, is féidir an teachtaireacht a léamh.*

*Bhaineamar ar fad an-taithneamh go deo as na taispeántais eolaíochta agus is cinnte gur ardaigh sé spéis na ndaltaí i gcúrsaí eolaíochta.*

Hugh Mac Giolla Bhríde (R6B) designed a circuit based on 'True' or 'False' questions. He used a battery, connecting wires to act as a conductor to flow electric current to light bulbs. Once a pupil answered correctly, all the parts of the circuit were connected, the current flowed and the lights lit up. Hugh said that he really enjoyed designing and making the circuit and also demonstrating it to the whole school.



Rosa Nic Giolla Mhuire and Lucy Laighéis (R4B) demonstrated an experiment on invisible ink. Using lemon juice, they invited children to write an invisible message on a piece of paper. The compounds contained in the lemon juice break down once heated and carbon is released. The carbons oxidise, as they come into contact with air, and turn brown, resulting in the 'hidden message' becoming visible.

Everybody really enjoyed the science exhibition and it certainly helped to awaken the pupils curiosity & interest in all things science.







## Taispeántas Eolaíochta

## Science Exhibition









## Boscaí Nollaig Team Hope

## Team Hope Christmas Boxes



*Míle buíochas le gach duine a ghlac páirt i bhfeachtas Bosca Bróg na Nollag Team Hope. Tháinig 170 bosca bróg isteach agus táim cinnte gur gcuirfidh siad gliondar croí ar na páistí a gheobhaidh iad um Nollaig.*



Thanks to everyone who donated filled shoe boxes for Team Hope's Christmas Shoe Box Appeal. 170 boxes in total were donated through the school. I'm sure they will bring great joy to the children who receive them this Christmas.





## Cór Náisiúnta na nÓg

*Eispéireas córúil scoilbhunaithe do pháistí bunscoile is ea Cór Náisiúnta na nÓg. Foghlaimíonn daltaí ó ranganna 4, 5 nó 6 i mBunscoileanna na hÉireann stór comónta amhrán a shásaíonn go leor cuspóirí an chláir cheoil ag leibhéal sinsearach na bunscoile.*

*Foghlaimíonn na páistí an stór amhrán ina scoileanna féin, múinte ag a gcuid múinteoirí féin, agus téann siad le scoileanna áitiúla eile cúpla uair sa bhliain chun na hamhráin seo a chleachtadh le Stiúrthóir Ceoil Cúnta áitiúil. Glacann gach páiste páirt i gceolchoirm áitiúil (sa lárionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht i mí Márta/Aibreán), agus téann céatadán de na páistí sin ar stáitse sa Cheoláras Náisiúnta, i mBaile Átha Cliath ag deireadh mí Bealtaine.*



*Tá stair fhada ag Gaelscoil Thaobh na Coille le Cór Náisiúnta na nÓg agus páirt glactha ag an scoil 'sna ceolchoirmeacha débhliantúla seo ó 2003 i leith.*

*Tá rang a 6 agus 5 ag glacadh páirt i gCór Náisiúnta na n-Óg i mbliana. Tagann an ceithre rang le chéile gach Céadaoin ag 1:30 le cleachtadh ar feadh uair a chloig. Tá 15 amhrán ar fad le foghlaim ag an gcór. Tá tús maith curtha againn leis an gcéad 8 amhrán. 'Viva la Vida', an t-amhrán is fearr le go leor de na daltaí faoi láthair. Taitníonn 'Songs of Ireland' linn freisin mar gur measca é d'amhráin ó gach cúige in Éireann. Bainimd an-taithneamh as 'The Rhythm of Life' a chanadh freisin cé go bhfuil sé tapaidh agus dúshlánach mar go bhfuil 3 pháirt inti. Amhrán eile atá á fhoghlaim againn agus a thaitníonn linn is ea 'Caledonia' a bhfuil fonn álainn suaimhneach aici. I measc na n-amhrán eile atá á fhoghlaim tá Speed Your Journey, Mo Ghile Mear, Tír na nÓg agus Thankful.*

*Beidh ár gcéad ollchleachtadh againn ar an Déardaoin seo nuair a thiocfaidh daltaí R5 & R6 ó Holy Trinity NS agus St Mary's NS go Gaelscoil Thaobh na Coille leis na hamhráin ar fad a chleachtadh le chéile. Beidh thart ar 250 dalta ar fad ag an gcleachtadh sin. Táimíd ag súil go mór leis.*

## National Children's Choir

The National Children's Choir is a school-based choral experience for primary school children. Affiliated pupils from 4th, 5th or 6th classes in Irish Primary Schools learn a common repertoire of songs that more than satisfies many objectives of the music programme at the senior end of the primary school.

The children learn the repertoire in their own schools, taught by their own teachers, and join with other local schools a couple of times a year to rehearse these songs with a local Assistant Musical Director. Every child participates in a local concert (in the Basketball Arena in Tallaght in March/April) , and a small percentage of the children perform in the National Concert Hall, Dublin at the end of May.

Gaelscoil Thaobh na Coille has a long involvement with the National Children's Choir and the school has participated in the bi-annual concerts since 2003.

R5 & R6 are participating in the National Children's Choir this year. All 4 classes come together for an hour every Wednesday at 1.30pm. The choir has to learn a repertoire of 15 songs. We have already made a good start on the first 8 songs. A firm favourite so far is 'Viva la Vida' by Coldplay. A medley called 'Songs of Ireland' is also quite popular and it includes a song from each county. We also love singing 'The Rhythm of Life' despite the fact that it is very fast and quite challenging as it is sung in 3 parts. Another song we like is 'Caledonia' which is a traditional song with a lovely calming melody. The other songs we are currently learning are, Speed Your Journey, Mo Ghile Mear, Tír na nÓg and Thankful.

We will have our first 'cluster' rehearsal this Thursday when pupils from 5th and 6th classes in Holy Trinity NS and St Mary's NS, Sandyford will come to Gaelscoil Thaobh na Coille for a days rehearsal. There will be approximately 250 pupils at that rehearsal. We are looking forward to the rehearsal and singing as part of a bigger choir.

National Children's Choir
Cór Náisiúnta na nÓg

## An tOireachtas

Déanaimid tréaslú le hEve Nic Giolla Bhríde a bhain an dara háit amach i gComórtais Liteartha an Oireachtais 2024. Comórtas náisiúnta bliantúil atá ann. Scríobh sí greannán (le 200 focal) nuair a bhí sí i Rang 4B anuraidh a bhí ar ardchaighdeán. Táimid mar scoil an-bhródúil aisti.

We congratulate Eve Nic Giolla Bhríde who won second place in the Oireachtas Literary Competition 2024. The Oireachtas is an annual national Irish language competition. Eve wrote a comic book (with 200 words) when she was in Rang 4B last year which was of a very high standard. We as a school are very proud of her.





## Seirbhísí Reiligiúnda 2024/2025

*Dátaí dearbhaithe do sheirbhísí reiligiúnda na bliana seo.*

***R6***

*Searmanas an tSolais R6 Déardaoin 06 Feabhra 2025 19:00 Cóineartú R6 – Márta – Aoine 28 Márta 2025 11:30*

***R2***

*Céad Fhaoistin R2 Déardaoin 6 Márta 2024 19:00*

*Céad Chomaoineach R2 Satharn 17 Bealtaine 12:00*

## Religious Ceremonies 2024/2025

Dates confirmed for this years religious ceremonies

**R6**

Service of Light R6 Thursday 06 February 2025 19:00

Confirmation R6 – March – Friday 28 March 2025 11:30

**R2**

First Confession R2 Thursday 6 March 2024 19:00

First Communion R2 Saturday 17 May 12:00

## Creachadóireacht Vandalism

*Lasadh tine mór os comhair na scoile an oíche roimh oíche Shamhna – Céadaoin 30 Samhain. Cé go raibh geataí na scoile dúnta/faoi ghlas tógadh an bosca bruscair mór athchúrsála amach as an scoil agus cuireadh trí thine é. Tharla sé seo le titim na hoíche. Cuireadh fios ar an mbriogáid dóiteáin agus múchadh an tine c.19:07*

*Má thugann tú creachadóireacht ar bith den tsaghas seo ar siúl thart faoin scoil nó daoine ar thaillte na scoile iarraimíd oraibh glaoch a chuir ar na Gardaí Síochána .*

A big fire was started in front of the school the night before Halloween - Wednesday 30 November. Although the school gates were closed/locked the large recycling bin was taken out of the school and set on fire. This happened at nightfall. The fire services were notified and the fire was extinguished c.19:07

If you see any vandalism of this kind taking place in or around the school or people trespassing on school grounds please contact the Gardaí Síochána to inform them of same.

## Ollthoghachán 2024 Election 2024




*Meabhrúchán: Beidh an scoil dúnta ar an Aoine seo 29 Samhain mar go mbeidh an scoil in úsaid mar stáisiún vótála.*

Reminder: The school will be closed this coming Friday 29th November as the school will be used as a polling station.







## **N2A** Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh

*Tá a lán oibre ar siúl ag N2A agus táimid ag tabhairt faoi a lán rudaí nua. Bhí ionadh an domhain ar na páistí nuair a chuala siad an múinteoir ag labhairt i mBéarla do chéad uair. Táimid ag foghlaim rímeanna agus na litreacha ó Jolly Phonics. Le linn seachtain na Matamaitice rinneamar Mata le Rang a 4 agus bhíomar ag léamh le Chéile le Rang 5A. Tá béirín ranga againn agus tá sé tar éis dul abhaile le a lán páistí agus tá grianghraif álainn curtha suas ar Seomra Ranga Google. Bhí Béirín ag féachaint ar 'Strictly Come Dancing' le Isabel, bhí sé ag rothaíocht le Harry agus a chara Rónán agus bhí sé ag siopadóireacht le P.J. i Fresh. Bhí an-spórt againn le P.J nuair nár ghléas sé i gceart. Chuir sé bríste ar a chloigeann, a léine droim ar ais, chuir sé a gheansaí ar a chosa agus scairf ar lámh amháin. Nach é a bhí go deas! Tá obair iontach á dhéanamh ag an rang ar Seomra Ranga Google. Chuir siad físeán air ag léiriú Scéal a 7.*

N2A are learning lots of new things since coming back after the mid-term break. They were really surprised to hear the múinteoir speaking English for the first time. We are learning nursery rhymes and the letters from the Jolly Phonic Programme. During Maths week we played games with Rang 4 and Rang 5A read to the class. Our class bear is going home, and we have seen some lovely photographs of Béirín on Google Classroom. Our class bear watched Strictly Come Dancing with Isabel, went cycling with Harry and his friend Rónán and he went shopping with P.J. in Fresh. We had lots of fun when P.J dressed himself in class. He puthis trousers on his head, his shirt backwards, he put his jumper on his foot and his scarf on his hand!

## **R5A** Múinteoirí Eavan Ní Mhuirgheasa & Sadhbh Rosenstock

*Bhíomar an-ghnóthach i R5A le déanaí agus rinneamar tionscnamh i ngrúpaí bunaithe ar an Iodáil. D'fhoghlaimíomar faoi thíreolaíocht na tíre, bia agus stair na tíre ag dul siar go dtí na Rómhánaigh. Bhaineamar an-taitneamh as ár Mona Lisa's féin a chruthú chomh maith!*

R5A were very busy lately and we completed group projects about Italy. We learnt about the geography, food and history of Italy going as far back as to the Roman times. We also really enjoyed creating our own Mona Lisa's!



### **R4B** Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh

*Rinne daltaí R4B sár-iarracht agus iad i mbun turgnaimh eolaíochta ar feadh coicíse na heolaíochta ar scoil. Molaim go hard iad. I dtaca leis sin rinne siad an-ullmhúchán don chur i láthair 'i bhfiche bliain beidh mé…' a bhí ar siúl acu. Bhí ardchaighdeán Gaeilge le cloisteáil uatha. D'fhoghlaim siad faoi scéal clúiteach 'Capall Adhmaid na Traí' le déanaí chomh maith.*



*R4B pupils put in a great effort when doing science experiments during science 'week' at school. Well done to all. They also prepared well for their class presentations 'in twenty years time I will be...'. A high standard of Irish was heard throughout. They also recently learned about the famous story of the 'Wooden Horse of Troy'.*





### **N1B** Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh



*Táimid ag foghlaim faoin gcrann cuileann faoi láthair sa rang. Chuamar ar shiúlóid dúlra á lorg an tseachtain seo. An raibh a fhios agat nach bhfásann na caora ar an gcrann fireann? Fásann siad ar an gcrann baineann amháin.*

We are learning all about the holly tree at the moment in class. We went on a nature walk this week to see if we could find one. Did you know that the male tree doesn't have any berries?



### **R5B** Múinteoir Mícheál de Bhailís

*Ghearr Rang 5 puimcíní amach d'Oíche Shamhna. D'fhoghlamaíomar gur thosaigh an traidisiún seo in Éirinn ach ag an am sin d'úsáid daoine tornapaí mar nach raibh pumcíní sa tír seo.*

Rang 5 carved out pumpkins for Halloween. We learned that the tradition of carving out pumpkins started in Ireland. Turnips were used instead of pumpkins At that time as pumpkins were not available in Ireland in those days.






**R1B** Múinteoir Hannah Nic Uaid

*Bhí R1B ag foghlaim faoi fhinscéal Clann Lir an tseachtain seo caite. Cruthaigh siad na healaí álainn seo as páipéar. Bhí siad gnóthach ag garraíodóireacht chomh maith! Chuireamar síolta gairleoga agus oinniúin. Tá súil againn go bhfásfaidh siad!*

R1B have been learning all about the story of The Children of Lir. During our art lesson, they created lovely swans made from paper. They have also been busy gardening! We have planted garlic and onion bulbs. We hope they grow!





**R2B** Múinteoir Ciara Ní Bháille

*Tá Rang 2B ag baint an-taitneamh as an ealaín faoi láthair. Bhíomar ag iarraidh an aimsir fhuar agus shneachtúil a úsáid mar spreagadh. Chuir na páistí ealaín álainn le chéile bunaithe ar an téama seo.*

We have been really enjoying our art lessons in Rang 2B. We wanted to use the cold and snowy weather as inspiration for our art this week. The children created lovely art pieces based on this theme.

## **R3A** Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte

*Táimid gnóthach i Rang 3A ag foghlaim faoin scríbhneoireacht ghnásúil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Bhí spraoi agus foghlaim i gceist le Lego Spike & ár mbuíochas le Hugo, iarscoláire de chuid na scoile agus saineolaí teicneolaíochta a thainig isteach ag cabhraigh linn.*

We are busy learning about procedural writing in Rang 3A, both as Gaeilge and in English. We learned lots about technology and had great fun with Lego Spike, with the help of Hugo, a past pupil of the school who came in to help us.







## **R3B** Múinteoir Jack Ó Loineacháin

*Tá R3B ag obair go díograiseach le seachtainí beaga anuas. Bhíomar ag nascadh scríbhneoireacht gnásúil le turgnaimh eolaíochta do sheachtain na hEolaíochta. Thaitin an turgnamh le buidéal agus cuilithe a chruthú go mór leis na páistí. Sa Ghaeilge, tá ainmfhocail firinscneach agus baininscneach á plé againn freisin. Obair dúshlánach agus taitneamhach gan amhras!*


The pupils in R3B have been working incredibly hard! We've been combining procedural writing with hands-on experiments, including the much-loved tornado bottle activity for Science Week. In Irish, the children have been exploring masculine and feminine nouns for the first time! Challenging but enjoyable work for sure!

## **R6B** Múinteoir Colm Ó Coisdealbha



*Bhain Rang 6B an-taitneamh as Seachtain na hEolaíochta an mhí seo agus chuir siad iarracht mhór isteach sna turgnaimh agus tionsnaimh ar fad a rinne siad. Ina measc bhí imoibriú ceimiceach, lampaí lava, Scribots, Oeblek, Makey Makey's, bolcán, clog as úll, ciorcad, agus pléascadh mentos!*

Rang 6B greatly enjoyed Science Week this month and they put a lot of effort into their projects and experiments. There were chemical reactions, lava lamps, Scribots, Oeblek, Makey Makey's, volcanoes, clocks running on apples, cuircuits and mentos explosions!





## **N1A** Múinteoir Ailbhe Ní Dhuibhginn

*Bhain N1A taitneamh iontach as a bheith gléasta suas ar scoil d'Oíche Shamhna ar an lá deireanach den téarma – bhí neart ninja, cailleacha, ollphéisteanna, vaimpírí agus fiú banphrionsaí againn sa sheomra ranga! Táimid tar éis a bheith ag baint sult as an bhfoghlaim sa sheomra ranga. Chomhaireamar an méid duine inár dteaghlaigh agus rinneamar póstaeir ildaite i rith Seachtain na Matamaitice. Is breá leis na páistí a bheith ag tógáil leis na bricí móra adhmaide i rith am spraoi agus tá fiú troscán nua déanta acu don seomra ranga!*

N1A had a great time dressing up for Halloween on the last day of term – we had ninjas, witches, monsters, vampires and even princesses in the classroom! We have been having lots of fun learning together in school. We counted the number of people in our families and made colourful posters during Maths Week. The children love building with the big wooden blocks and have even been making new furniture for the classroom at playtime!

## **R1A** Múinteoir Emma de Róiste



*Bhí R1A an-ghnóthach an mhí seo! Idir seachtain na heolaíochta agus tús curtha le cleachtadh do Sheó na Nollag, bhí go leor foghlaim agus spraoi ar siúil. Bhaineamar an-taitneamh as an dtaispeántas a bhí ar siúl ag daltaí R4-R6 sa halla - thug sé neart ionsparáide do na páistí!*

R1A were very busy this month! Between Science Week and starting to practise for our Christmas Show, we had lots of fun while learning. We particularly enjoyed the Science Fair R4-R6 put on in the hall - it really inspired the children!





## Ceiliúradh na Nollag Christmas Celebrations

Dátaí don Dialann - Dates for your Diary

Céadaoin / Wednesday **11/12/2024** - Ceiliúradh na Nollag / Christmas Concert **R1/R2**

**13:00 - 14:00** Halla na Scoile

Aoine / Friday **13/12/2024** - Ceiliúradh na Nollag / Christmas Concert **N1/N1**

**12:30 - 13:30 - 14:30** Halla na Scoile

Máirt / Tuesday **17/12/2024** - Ceiliúradh na Nollag / Christmas Concert **R3 go R6**
**19:00 - 20:00** Halla na Scoile

### **R6A** Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh

*Bhí R6A ag foghlaim faoi cheiliúradh 'Dia de Los Muertos' atá i Mí na Samhna agus chruthaíodar ealaín álainn de na 'Calavera' nó blaosc siúcra.*

R6A were learning about the celebration of 'Dia de Los Muertos' that takes place in November and created beautiful art works of the 'Calavera' or sugar skulls.







### **R4A** Múinteoir Mícheál Ó Mocháin

*An mhí seo caite chaith daltaí R4A seal ag cruthú a gcluichí boird féin a bhí bunaithe sa mhatamait. Rinne na daltaí sár-obair agus iad i mbun na hoibre seo agus chruthaíodar cluichí an-spéisiúil go deo. Fuair siad an deis ansin na cluichí a thriail amach ar dhaltaí na naíonáin shinsearacha. Bhaineadar uilig an-taitneamh astu! Nár laga Dia iad!*

This month for Maths week the class spent a brief spell creating their own board games based around maths. A great deal of effort was put in by everyone involved and as result they got to try their games out on our Senior Infants! Everyone thoroughly them.  Great work done this month!

### **R2A** Múinteoir Lauryn Bhreathnach

*Tá Rang a dó ag diriú isteach ar an léitheoireacht le déanaí. Bhíomar ag leámh ' The Giggler Treatment' mar rang agus ceapamar bhí sé an-greannmhar. Táimid ag tnúth go mór é a fhéicáil san Ark I Mí na Nollaig.*

Second class are focusing on their reading lately. We have been reading  'The Giggler Treatment' as our class novel and we thought it was very funny. We are excited to watch it in 'The Ark' in December.



### **N2B** Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh

Baineann an rang seo an-taitneamh as na deiseanna a bhíonn againn  foghlaim in éineacht leis na hard-ranganna.  Dhearaigh rang a 4B cluichí mata don rang agus thángadar ar cuairt chugainn chun iad a mhúineadh and a imirt linn do sheachtain na matamaitice.  Scríobh rang a 5B leabhair bheaga ar théama Oíche Shamhna agus léadar na scéalta dúinn. Bhíomar ar bís agus muid ag an taispeántas eolaíochta sa halla an tseachtain seo caite.

*This class really enjoys the opportunities we have to learn with the senior classes.  Rang 4B designed maths games for and came on a class visit to play them with us.  Rang a 5B wrote Halloween storybooks and came to read them to us. We were so excited to attend the Science exhibition in the school hall last week.*



## Seaimpín Fichille an Aontas Eorpaigh

### European Union Champion

*Comhghairdeachas le Nicole de Faoite R5A agus í ag baint an bua amach i gcomórtais fichille na hÉireann agus na hEorapa*

- *Buaiteoir Craobhchomórtas Fichille Óige an Aontais Eorpaigh 2024 (cailíní Faoi 12)*
- *Buaiteoir Craobhchomórtas Sóisear Laighean 2024 (Cailíní Faoi 11)*

Congratulations to Nicole de Faoite R5A on winning chess championships both in Ireland and in Europe.

- Winner European Union Youth Chess Championship 2024 1st place (Girls U12 )
- Winner Leinster Junior Chess Championships 2024 1st place (Girls U11 )



## Díolachán Cístí ar son LauraLynn

*Comhghairdeachas le daltaí R6A a d'eagraigh díolachán cístí sa scoil inniu ar son carthanacht LauraLynn.*

*Bhailigh siad € 1103.71 do charthanacht LauraLynn inniu - Maith sibh.*

Well done to the pupils from R6A who organised a cake sale today in aid of The LauraLynn Foundation.

The raised €103.71 for LauraLynn today. Well done all.



## Siopa na mBronntanas Rúnda

*Beidh Siopa na mBronntanas Rúnda ar siúl ar an Aoine an 6 Nollaig. Beidh Coiste na dtuismitheoirí i dteagmháil libh gan mhoill maidir le conas mar is féidir libh aon bhronntanais atá agaibh sa bhaile nár úsáideadh nó nach bhfuil ag teastáil uaibh a bhronnadh ar shiopa na mbronntanas rúnda!*

*Beidh cead ag na páistí Geansaithe Nollaig a chaitheamh leis an mbríste spóirt scoile ar an lá sin.*

On Wednesday 6th December 'Siopa na mBronntanas Rúnda' will be opened for the children. Coiste na dTuismitheoirí will be in touch with you over the next few days to let you know how you can donate unwanted, unloved gifts to the school!

The children will be allowed to wear Christmas Jumpers with the school tracksuit bottoms that day.